Comhairle an
Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 9 Feabhra 2024**
**(OR. en)**

**6179/24**
**ADD 1**

**FIN 118**
**PE-L 3**

**NÓTA**

| | |
|---|---|
| ó: | An Coiste um an mBuiséad |
| chuig: | Coiste na mBuanionadaithe/An Chomhairle |
| Ábhar: | Moladh ón gComhairle maidir leis an urscaoileadh atá le tabhairt don Choimisiún i ndáil le cur chun feidhme bhuiséad ginearálta an Aontais Eorpaigh don bhliain airgeadais 2022<br>– *Glacadh*<br>– *Formheas litreach* |

**IARSCRÍBHINN**

**MOLADH ÓN gCOMHAIRLE**
**maidir leis an urscaoileadh atá le tabhairt don Choimisiún**
**i ndáil le cur chun feidhme bhuiséad ginearálta**
**an Aontais Eorpaigh**
**don bhliain airgeadais 2022**

TÁ COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, agus go háirithe Airteagal 319 de,

Tar éis di an scrúdú dá bhforáiltear in Airteagal 319(1) CFAE a dhéanamh,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) De réir an chuntais ioncaim agus chaiteachais don bhliain airgeadais 2022:

- ba ionann an t-ioncam agus ........................................................ EUR 245 264 814 506.46

- ba ionann an caiteachas
arna eisíoc as leithreasuithe agus ................................................ EUR 239 157 196 294.08

- ba ionann leithreasuithe faoi chomhair íocaíochtaí
arna dtabhairt anonn ó bhliain *n*-1 agus a cuireadh ar ceal agus......... EUR 80 187 685.37

- ba ionann leithreasuithe faoi chomhair íocaíochtaí arna dtabhairt anonn go bliain *n*+1
(lena n-áirítear ioncam arna chur in áirithe) agus .......................... EUR 3 566 062 565.04

- ba ionann leithreasuithe CSTE faoi chomhair íocaíochtaí arna dtabhairt anonn ó bhliain
*n-1*
agus EUR 6 164 389.14

- ba ionann comhardú na ndifríochtaí sa ráta malairte agus .................-EUR 96 567 993.18

- ba ionann an t-iarmhéid buiséid dearfach agus .............................. EUR 2 519 010 950.39

(2) Úsáideadh EUR 4 183 214 841.72 (98.58 %) den EUR 4 243 645 566.31 i leithreasuithe faoi chomhair íocaíochtaí arna dtabhairt anonn go dtí an bhliain 2022;

(3) Iarrtar barúlacha áirithe ón gComhairle, atá I gCEANGAL LEIS SEO, sna barúlacha sa tuarascáil ón gCúirt Iniúchóirí don bhliain airgeadais 2022;

(4) Measann an Chomhairle go bhfuil sé tábhachtach go ndéanfar obair leantach maidir lena barúlacha agus glacann sí leis go gcuirfidh an Coimisiún na moltaí uile chun feidhme ina n-iomláine, gan mhoill;

(5) D'fhormheas an Chomhairle conclúidí a bhaineann le tuarascálacha speisialta arna ndréachtú ag an gCúirt in 2022 agus 2023 i gcomhthéacs an nós imeachta um urscaoileadh[1];

(6) Tar éis an scrúdaithe dá dtagraítear thuas, beidh cur chun feidhme an bhuiséid le haghaidh an bhliain airgeadais 2022 ina iomláine, arna dhéanamh ag an gCoimisiún, ar bhonn na mbarúlacha ón gCúirt Iniúchóirí, déanta ar dhóigh inar féidir urscaoileadh a thabhairt i ndáil leis an gcur chun feidhme sin,

Á MHOLADH LEIS SEO, i bhfianaise na mbreithniúchán sin, go dtabharfaidh Parlaimint na hEorpa urscaoileadh don Choimisiún i ndáil le cur chun feidhme bhuiséad an Aontais Eorpaigh don bhliain airgeadais 2022.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil,

*Thar ceann na Comhairle*

*An tUachtarán*

---

1 7119/23, 7258/23, 7498/23, 8448/23, 8663/23, 9524/23, 10163/23, 11731/23, 12157/23, 14195/23, 14234/23, 15255/23 + COR 1 (rinneadh conclúidí ón gComhairle maidir le Tuarascáil Speisialta Uimh. 26/2022 a chomhtháthú sna 'Conclúidí ón gComhairle maidir le staidreamh an Aontais Eorpaigh'), 15227/23, 15575/23, 15676/23, 15733/23, 15744/23, 16525/23, 16527/23, 16529/23 agus 16613/23.

## RÉAMHRÁ

1. Is díol sásaimh don Chomhairle an tuarascáil bhliantúil agus an Ráiteas Dearbhaithe ó Chúirt Iniúchóirí na hEorpa maidir le cur chun feidhme bhuiséad an Aontais agus an anailís ar thorthaí na hiniúchóireachta agus na conclúidí atá inti. Measann an Chomhairle go bhfuil tábhacht mhór ag baint leis an obair neamhspleách iniúchóireachta atá déanta ag an gCúirt, dá bhforáiltear in Airteagal 287 CFAE, agus go sonrach leis an bpríomhchúram a bhaineann le Ráiteas Dearbhaithe a chur ar fáil maidir le hiontaofacht na gcuntas agus le dlíthiúlacht agus rialtacht an ioncaim agus an chaiteachais.

2. Tugann an Chomhairle dá haire, le haghaidh an bhliain airgeadais 2022, go bhfuil an Chúirt ag tuairisciú arís ar fheidhmíocht na gclár caiteachais faoi bhuiséad an Aontais mar chaibidil den tuarascáil bhliantúil agus gur thosaigh sí ag tuairisciú trí mheán athbhreithnithe neamhspleách ar an Tuarascáil Bhliantúil ar Bhainistíocht agus ar Fheidhmíocht ón gCoimisiún. Ar an taobh eile, áirítear sa tuarascáil bhliantúil caiteachas a bhaineann leis an tSaoráid Téarnaimh agus Athléimneachta (STA), a láimhseáiltear i gcaibidil ar leith freisin.

3. Iarrann an Chomhairle ar an gCúirt agus ar an gCoimisiún araon leanúint den mheasúnú ar fheidhmíocht bhuiséad an Aontais, ar léiriú den fhíorluach do shaoránaigh an Aontais é agus, dá bhrí sin, is gné thábhachtach den mheastóireacht bhliantúil a dhéantar ar bhainistiú fónta airgeadais chistí an Aontais é. Go sonrach, iarrann an Chomhairle ar an gCoimisiún, i gcás inarb infheidhme, níos mó airde a dhíriú ar tháscairí feidhmíochta torthaí-bhunaithe ar féidir a nascadh go díreach le gníomhaíochtaí an Aontais.

4. Is díol sásaimh don Chomhairle gurb é a mheas an Chúirt go dtugtar léargas fíor agus cóir ar sheasamh airgeadais an Aontais i gcuntais an Aontais agus gur eisigh an Chúirt tuairim ghlan maidir le hiontaofacht chuntais 2022. Is díol sásaimh don Chomhairle freisin gur measadh go raibh an t-ioncam do 2022 dlíthiúil, rialta agus saor ó earráid ábhartha. Is oth leis an gComhairle, áfach, go bhfuil an leibhéal measta earráide a thuairiscigh an Chúirt maidir le caiteachas bhuiséad an Aontais ag imeacht a thuilleadh ón tairseach ábharthachta agus, don ceathrú bliain as a chéile, gur eisigh an Chúirt tuairim neamhfhabhrach maidir le dlíthiúlacht agus rialtacht an chaiteachais. Tugann an Chomhairle dá haire gur eisigh an Chúirt tuairim choinníollach maidir le caiteachas STA 2022.

5. Aithníonn an Chomhairle tuairimí na Cúirte, agus tacaíonn sí le formhór mór na moltaí ón gCúirt, agus iarrann ar an gCoimisiún agus ar institiúidí eile na moltaí ábhartha ón gComhairle a chur san áireamh freisin.

6. In ainneoin gur iarr an Chomhairle amhlaidh arís agus arís eile agus an tábhacht pholaitiúil mhéadaithe a bhaineann le roinnt ceannteideal caiteachais, níor léirigh an Chúirt, athuair, leibhéal earráide do gach caibidil agus ní dhearna sí aon athrú ar an méid sin i gcomparáid leis na tuarascálacha a bhí ann roimhe seo a bhaineann leis an gcreat airgeadais ilbhliantúil (CAI) 2014-2020. I ndáil leis an méid sin, aithníonn an Chomhairle a thábhachtaí atá sé inchomparáideacht a áirithiú idir na blianta laistigh de gach réimse beartais agus arís, iarrann sí ar an gCúirt rátaí earráide atá sách ionadaíoch a chur ar fáil do na ceannteidil uile, gan beann ar mhéid an chaiteachais.

## CAIBIDIL 1

## AN RÁITEAS DEARBHAITHE AGUS FAISNÉIS THACAÍOCHTA

1.1. Is oth leis an gComhairle gur ardaigh an leibhéal measta earráide a thuairiscigh an Chúirt in 2022 ó 3.0 % go 4.2 %, ag imeacht a thuilleadh ón tairseach ábharthachta de 2 %, agus tugann sí dá haire go ndéantar difear ábharach agus ardaithe do chion mór den chaiteachas arna iniúchadh ag an gCúirt, 66.0 % ar caiteachas aisíocaíocht-bhunaithe den chuid is mó é, trí earráid. Thairis sin, is oth leis an gComhairle an t-ardú ar an leibhéal measta earráide sa chaiteachas ardriosca ó 4.7 % in 2021 go 6.0 % in 2022. Tugann sí dá haire, áfach, go measann an Coimisiún go bhfuil an riosca tráth na híocaíochta fós cothrom le 1.9 %, agus gurb é 0.9 % an riosca tráth an dúnta, tar éis cumas ceartaitheach an Choimisiúin a chur san áireamh.

1.2. Is ábhar imní don Chomhairle, don cheathrú bliain as a chéile, gur eisigh an Chúirt tuairim neamhfhabhrach maidir le dlíthiúlacht agus rialtacht an chaiteachais. Admhaíonn an Chomhairle an meath atá tagtha ar an leibhéal earráide i roinnt gceannteideal caiteachais agus leagann sí béim ar a thábhachtaí atá leibhéal íseal measta earráide chun muinín shaoránaigh an Aontais sna hinstitiúidí Eorpacha a chaomhnú.

1.3. Leagann an Chomhairle béim gur cheart, chun na rátaí earráide a laghdú agus chun bainistiú éifeachtach cuí a dhéanamh ar chistí an Aontais, tús áite a thabhairt i gcónaí do reachtaíocht agus bearta cur chun feidhme atá níos simplí, níos trédhearcaí agus níos intuartha. Dá bhrí sin, iarrann an Chomhairle ar an gCoimisiún rialacha agus nósanna imeachta a bhfuil castacht gan ghá ag baint leo a shainaithint agus a shimpliú, agus na caighdeáin agus na ceanglais ríthábhachtacha is gá a choinneáil le haghaidh na cuntasachta.

1.4. Cé go n-aithníonn an Chomhairle go bhfuil sainorduithe agus cur chuige éagsúil ag an gCúirt agus ag an gCoimisiún chun earráidí a mheas, is ábhar imní don Chomhairle an méid difríochta atá idir an leibhéal riosca a mheas an Coimisiún do cheannteidil áirithe, i gcomparáid leis an leibhéal earráide a mheas an Chúirt. Dá bhrí sin, iarrann an Chomhairle ar an gCúirt agus ar an gCoimisiún dul i mbun idirphlé maidir leis an measúnú ar earráidí, go háirithe maidir leis an tíopeolaíocht agus an cainníochtú. Meabhraíonn an Chomhairle gurb é cuspóir ginearálta na timpeallachta rialaithe caiteachas dlíthiúil agus rialta a bheith ann agus teorainn a chur le méid na hearráide.

1.5. Tugann an Chomhairle dá haire go bhfuil róil dhifriúla ag an gCúirt agus ag an gCoimisiún sna próisis rialaithe bhliantúla agus ilbhliantúla, agus d'fhéadfadh torthaí difriúla a bheith ann mar gheall air sin. Ina theannta sin, ós rud é go gcumhdaítear roinnt blianta leis na cláir chaiteachais agus leis na córais rialúcháin ghaolmhara, chomh maith leis na timthriallta bainistíochta, admhaíonn an Chomhairle gurb é an toradh atá ar na ceartuithe agus na haisghabhálacha airgeadais a chuireann an Coimisiún i bhfeidhm go dtugtar leibhéal na hearráide faoi bhun ábharthachta.

1.6. Meabhraítear don Chomhairle nach tomhas ar chalaois, neamhéifeachtacht ná cur amú cistí *per se* é leibhéal measta earráide na Cúirte, ach tomhas ar íocaíochtaí nach ndearnadh i gcomhréir leis na rialacha agus na rialacháin is infheidhme. Ar an taobh eile, tacaíonn an Chomhairle leis an moladh ón gCúirt don Choimisiún iniúchtaí téamacha dírithe ar choinbhleachtaí leasa do na cláir do 2021-2027 a phleanáil agus a chur chun feidhme ar fud bhuiséad an Aontais, bunaithe ar a mheasúnú riosca féin agus i bhfianaise na n-easnamh a sainaithníodh.

1.7. Is díol sásaimh don Chomhairle an tuairim ghlan ón gCúirt maidir le hiontaofacht chuntais bhliantúla an Aontais Eorpaigh (dá ngairtear 'na cuntais' anseo feasta) don bhliain airgeadais 2022. Tugann an Chomhairle dá haire agus is díol sásaimh di an ráiteas ón gCúirt go gcuirtear i láthair go cothrom, ar gach bealach ábharach seasamh airgeadais an Aontais, ón 31 Nollaig 2022, agus torthaí a oibríochtaí, a shreabhadh airgid agus na hathruithe ar a ghlansócmhainní don bhliain dar críoch, i gcomhréir leis an Rialachán Airgeadais agus leis na rialacha cuntasaíochta atá bunaithe ar chaighdeáin chuntasaíochta a nglactar leo go hidirnáisiúnta don earnáil phoiblí.

1.8. Is díol sásaimh don Chomhairle freisin go bhfuil an t-ioncam is bun leis na cuntais do 2022 dlíthiúil agus rialta ar gach bealach ábharach, mar a bhí sna blianta roimhe seo.

1.9. Tugann an Chomhairle dá haire agus is cúis sásaimh di an obair atá déanta ag na comhlachtaí iniúchóireachta maidir le hearráidí agus míbhainistiú a bhrath i ndáil le cistí an Aontais, chomh maith leis na hiarrachtaí agus na gníomhaíochtaí leanúnacha atá á ndéanamh ag an gCoimisiún agus ag na Ballstáit chun moltaí na Cúirte a chur chun feidhme. Mar sin féin, aithníonn an Chomhairle na heasnaimh a shainaithin an Chúirt i gcuid oibre údaráis iniúchóireachta áirithe. Bunaithe ar an méid a mheas an Chúirt, molann an Chomhairle do na gníomhaithe uile a bhfuil baint acu le bainistiú agus rialú chur chun feidhme bhuiséad an Aontais a gcuid oibre a fheabhsú a thuilleadh ionas go mbeadh an Chúirt in ann leas níos fearr a bhaint as i bhfianaise na bhforbairtí a bhaineann le prionsabal na trasiontaoibhe.

## CAIBIDIL 2
## BAINISTIÚ BUISÉADACH AGUS AIRGEADAIS

2.1. Tugann an Chomhairle dá haire gur cuireadh beagnach an buiséad ar fad chun feidhme a mhéid a bhaineann leis na gealltanais agus na híocaíochtaí a bhí ar fáil in 2022. Tugann an Chomhairle dá haire go bhfuil moill tagtha ar ionsú Chistí Struchtúracha agus Infheistíochta na hEorpa 2014-2020 i gcomparáid leis na blianta roimhe sin.

2.2. Is ábhar imní don Chomhairle an leibhéal is airde riamh ó thaobh gealltanais bhuiséadacha nár comhlíonadh in 2022, agus ag tabhairt dá haire di gurb amhlaidh atá an méadú sin mar thoradh go páirteach ar na gealltanais a bhaineann leis an ionstraim NextGenerationEU (NGEU). Sa chomhthéacs sin, tacaíonn an Chomhairle leis an moladh ón gCúirt atá dírithe ar an gCoimisiún bealaí a shainaithint chun cabhrú leis na Ballstáit feabhas a chur ar úsáid chistí an Aontais, go háirithe cistí atá faoi bhainistíocht chomhroinnte faoi Rialachán na bhForálacha Coiteanna, agus bainistiú fónta airgeadais á hurramú ag an am céanna

2.3. Is cúis imní don Chomhairle an measúnú a rinne an Chúirt maidir le neamhchosaint mhéadaithe bhuiséad an Aontais mar thoradh ar iasachtaí a rinneadh le haghaidh riachtanais bhreise íocaíochta mar fhreagairt ar ghéarchéimeanna iomadúla. Dá bhrí sin, tathantaíonn an Chomhairle ar an gCoimisiún dlúthfhaireachán a dhéanamh ar an riosca sin, eisiúint bannaí agus billí a theorannú do na méideanna atá sainordaithe go dlíthiúil agus ag íosrátaí úis, agus na Ballstáit a choinneáil go hiomlán ar an eolas faoina mheastacháin.

## CAIBIDIL 3
## TORTHAÍ A FHÁIL Ó BHUISÉAD AN AONTAIS

3.1. Tugann an Chomhairle dá haire, le haghaidh 2022, go bhfuil measúnú na Cúirte ar fheidhmíocht an bhuiséid teoranta d'fhorléargas ar na torthaí agus na príomhtheachtaireachtaí ina tuarascálacha speisialta 2022 maidir le feidhmíocht, lena n-áirítear faisnéis ghaolmhar ón gCoimisiún, ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle. Ina theannta sin, rinne an Chúirt measúnú ar chur chun feidhme na moltaí a rinneadh ina tuarascáil in 2019 maidir le feidhmíocht bhuiséad an Aontais agus ina tuarascálacha speisialta a foilsíodh in 2019.

3.2. Admhaíonn an Chomhairle torthaí iniúchtaí na Cúirte agus is díol sásaimh di na chéad ghníomhaíochtaí a rinne an Coimisiún mar fhreagairt ar na moltaí i dtuarascálacha speisialta 2022 ón gCúirt.

3.3. Agus athbhreithniú na Cúirte ar thuarascáil bhliantúil ar bhainistíocht agus ar fheidhmíocht á thabhairt dá haire aici agus ós rud é nár cheart measúnú feidhmíochta na Cúirte a bheith chun aimhleasa na hoibre ar dhlíthiúlacht agus rialtacht na n-idirbheart, aithníonn an Chomhairle go bhfuil sé ar intinn ag an gCúirt measúnuithe feidhmíochta a dhéanamh ar chaibidlí caiteachais an bhuiséid agus moltaí foriomlána a chur ar fáil sa tuarascáil bhliantúil, sa bhreis orthu sin a moltar sna tuarascálacha speisialta.

## CAIBIDIL 4
## IONCAM

4.1. Tugann an Chomhairle dá haire agus is díol sásaimh di nach raibh tionchar ag earráid ábharach ar an gcuid den bhuiséad a bhain leis an ioncam in 2022 agus go ndearnadh measúnú ar na córais a bhaineann le hioncam a scrúdaíodh mar chórais a bhí éifeachtach tríd is tríd. Mar sin féin, rinneadh measúnú ar chuid de na príomhrialuithe inmheánacha ar acmhainní dílse traidisiúnta (ADT) i mBallstáit áirithe, bainistiú cásanna de dhíscríobh ADT, chomh maith le bainistiú fhorchoimeádais CBL agus pointí oscailte ADT sa Choimisiún, mar a bheith éifeachtach i bpáirt, mar gheall ar laigí leanúnacha.

4.2. I ndáil leis sin, tacaíonn an Chomhairle le barúil na Cúirte go raibh rioscaí i dtiomsú sonraí OIN cumhdaithe go maith tríd agus tríd ag fíorú an Choimisiúin ach go raibh deis ann ord tosaíochta na ngníomhaíochtaí a fheabhsú a thuilleadh. Tugann an Chomhairle dá haire freisin an mhoill ar chur chun feidhme roinnt gníomhaíochtaí i bPlean Gníomhaíochta Custaim an Choimisiúin a bhí ag rannchuidiú leis an mbearna chustaim a laghdú.

4.3. Dá réir sin, tacaíonn an Chomhairle leis na moltaí ón gCúirt atá dírithe ar an gCoimisiún chun feabhas a chur ar bhainistiú cásanna a bhaineann le neamhchur i bhfeidhm na Treorach maidir le CBL agus chun an t-athmheasúnú ar chásanna de dhíscríobh ADT nach bhfuil faoi réir teorainneacha ama rialála a thabhairt i gcrích. Aithníonn an Chomhairle freisin an dul chun cinn atá déanta cheana féin ag an gCoimisiún maidir le cur chun feidhme na moltaí sin.

4.4. Molann an Chomhairle don Choimisiún athríomh a dhéanamh a luaithe is féidir ar na caillteanais ADT deiridh a d'fhéadfaí a lua leis na Ballstáit mar thoradh ar bhreithiúnas na Ríochta Aontaithe maidir le thearcluacháil an 8 Márta 2022 chun intuarthacht a áirithiú do na Ballstáit.

4.5 Iarrann an Chomhairle ar an gCúirt freisin anailís níos substaintiúla agus níos comhréirí le haghaidh an acmhainn dhílis bunaithe ar dhramhaíl ó phacáistíocht phlaisteach neamh-athchúrsáilte a áireamh ina raon feidhme iniúchóireachta do na blianta ina dhiaidh sin.

## CAIBIDIL 5
## AN MARGADH AONAIR, NUÁLAÍOCHT AGUS CÚRSAÍ DIGITEACHA

5.1. Is díol sásaimh don Chomhairle é gur tháinig laghdú ar an leibhéal measta earráide a thuairiscigh an Chúirt ó 4.4 % in 2021 go 2.7 % in 2022, ach is oth léi go bhfuil sé i bhfad os cionn na tairsí ábharthachta i gcónaí.

5.2. Tugann an Chomhairle dá haire gurb é an caiteachas ar thaighde agus nuálaíocht na réimsí is mó a ngabhann earráid leo agus is oth léi go bhfuil earráid leanúnach ann a bhaineann le costais phearsanra. Dá bhrí sin, tathantaíonn an Chomhairle ar an gCoimisiún leanúint dá iarrachtaí chun ráta earráide atá faoi bhun na tairsí ábharthachta a bhaint amach. Tugann an Chomhairle dá haire ráiteas na Cúirte ina ndeirtear gurb iad na rialacha casta maidir le costais phearsanra is mó is cúis leis an ráta earráide agus go bhfuil an ríomh tar éis dul i gcastacht ar bhealaí áirithe faoi Fhís 2020. Iarrann an Chomhairle ar an gCoimisiún aghaidh a thabhairt ar an tsaincheist sin.

5.3. Aithníonn an Chomhairle barúlacha na Cúirte maidir leis an gcistiú cnapshuime aonair a thabhairt isteach do dheontais taighde agus spreagann sí an Chúirt agus an Coimisiún dlúthfhaireachán a dhéanamh ar thionchar an tsimplithe sin ar an leibhéal earráide. Sa chiall sin, tacaíonn an Chomhairle leis an moladh ón gCúirt don Choimisiún maidir le measúnú a dhéanamh ar a iomchuí atá sé deontais arna gcistiú le cnapshuimeanna a úsáid le haghaidh tionscadail ardbhuiséid agus uasmhéid a shocrú do na deontais sin.

5.4. Tacaíonn an Chomhairle freisin leis na moltaí ón gCúirt don Choimisiún lena n-áirítear go ndéanfar meastóireachtaí saineolacha ar na deontais a dhoiciméadú go cuí agus go ndéanfar na tagarmharcanna ábhartha a bhreithniú go cuí, agus na ceanglais lena sainítear cur chun feidhme cuí agus na gnéithe lena spreagfar íocaíocht a shonrú tuilleadh. Aithníonn an Chomhairle agus is díol sásaimh di é gur ghlac an Coimisiún leis na moltaí sin agus molann sí dó athbhreithniú agus soiléiriú leanúnach a dhéanamh ar an treoir ábhartha sa chiall sin.

## CAIBIDIL 6
## COMHTHÁTHÚ, ATHLÉIMNEACHT AGUS LUACHANNA

6.1. Is oth leis an gComhairle gur tháinig ardú ar an leibhéal measta earráide a thuairiscigh an Chúirt le haghaidh íocaíochtaí sa réimse beartais 'Comhtháthú, Athléimneacht agus Luachanna' ó 3.6 % in 2021 go 6.4 % in 2022, ag dul tuilleadh os cionn na tairsí ábharthachta 2 %.

6.2. Is oth leis an gComhairle go dtugann an Chúirt faoi deara i gcónaí easnaimh san obair atá á déanamh ag roinnt údaráis bhainistíochta, ar easnaimh iad arb é is toradh dóibh nach mbraitear ná nach gcoisctear neamhrialtachtaí go héifeachtach sa chaiteachas arna ndearbhú ag tairbhithe i gcónaí. Go háirithe, tá méadú tagtha ar chion an chaiteachais a chumhdaítear le pacáistí dearbhaithe ina bhfuil rátaí earráidí iarmharacha os cionn 2 %, ó 39 % in 2021 go 61 % in 2022, cé gur beag athrú a tháinig ar líon na bpacáistí dearbhaithe le dhá bhliain anuas. I ndáil leis sin, agus aitheantas á thabhairt do na hiarrachtaí a rinne na húdaráis iniúchóireachta agus do na feabhsuithe a baineadh amach go dtí seo, iarrann an Chomhairle ar an gCoimisiún céimeanna breise a ghlacadh, i gcás inar féidir, chun an t-ardriosca earráide a mhaolú agus chun a áirithiú go mbeidh modhanna iomchuí i bhfeidhm ag na húdaráis iniúchóireachta chun iontaofacht na bhféindearbhuithe a sheiceáil.

6.3. Cé go n-aithníonn an Chomhairle an iarracht chun cláir chomhtháthaithe a shimpliú, go háirithe don chlárthréimhse 2021-2027, trí úsáid níos mó a bhaint as roghanna costas simplithe, is oth leis léi gurb iad na costais agus na tionscadail neamh-incháilithe is príomhfhoinse earráide fós. Dá bhrí sin, tathantaíonn an Chomhairle ar an gCoimisiún leanúint d'aghaidh a thabhairt ar na hearráidí atá ag teacht chun cinn arís agus arís eile agus na dea-chleachtais a scaipeadh d'fhonn an caiteachas neamhrialta agus a tionchar a laghdú.

6.4. Tugann an Chomhairle dá haire go bhfuil an creat rialaithe agus dearbhaithe do chláir chomhtháthaithe de chineál bliantúil agus ilbhliantúil araon. Cé go bhfuil na rialacha reatha bunaithe ar chóras atá bunaithe ar ghlacadh an Choimisiúin le cuntais bhliantúla, cumhdaíonn na cláir oibríochtúla roinnt blianta. Mar thoradh air sin, déanann an Coimisiún, mar bhainisteoir ar bhuiséad an Aontais, straitéisí rialaithe ilbhliantúla a chur i bhfeidhm atá ceaptha earráidí a chosc agus, i gcás nach féidir sin a dhéanamh, na straitéisí sin a bhrath agus ceartúcháin a chur i bhfeidhm roimh dhúnadh na gclár. I ndáil leis sin, iarrann an Chomhairle ar an gCoimisiún seiceálacha sonracha spriocdhírithe a dhéanamh sna hiniúchtaí clabhsúir 2014-2020 dá chuid, chun a áirithiú gur chuir na Ballstáit an ceartú airgeadais is gá i bhfeidhm i gcás na n-earráidí a braitheadh i mbliain chuntasaíochtaar leith, rud a imríonn tionchar ar an gcaiteachas i mblianta cuntasaíochta eile. Ina theannta sin, ag aithint di go bhfuil róil éagsúla ag an gCoimisiún agus ag an gCúirt sa slabhra rialaithe i mbuiséad an Aontais, agus go bhféadfadh go dtiocfaidh meastacháin éagsúla as dá bharr sin, tugann an Chomhairle dá haire gur mheas an Coimisiún gurb é 2.6 % an riosca tráth an íocaíocht a dhéanamh don 'Comhtháthú, Athléimneacht agus Luachanna', agus gurb é 1.3 % an riosca tráth an dúnta (atá faoi bhun na tairsí ábharthachta) bunaithe ar mheastachán le haghaidh ceartúcháin a dhéanfar amach anseo.

6.5. Tugann an Chomhairle dá haire an seasamh ón gCoimisiún, nach bhfuil aon spriocdháta rialála chun leanúint de bhuiséad an Aontais a chosaint agus go bhféadfaí ceartúcháin a dhéanamh sna blianta tar éis dheireadh na clárthréimhse nó tráth an clár a dhúnadh.

6.6. Is díol sásaimh don Chomhairle é gur thug na húdaráis iniúchóireachta aghaidh go sonrach ar an riosca calaoise i gcás 65 % de na hoibríochtaí iniúchta in 2022, i gcomparáid le 38 % in 2021. Molann an Chomhairle don Choimisiún leanúint de thacaíocht a thabhairt do na Ballstáit agus íoscheanglais a shonrú chun riosca na calaoise a chumhdach do na húdaráis iniúchóireachta.

## CAIBIDIL 7

## ACMHAINNÍ NÁDÚRTHA AGUS AN COMHSHAOL

7.1. Tugann an Chomhairle dá haire go bhfuil méadú tagtha ar an leibhéal measta earráide a thuairiscigh an Chúirt maidir le híocaíochtaí sa réimse beartais 'Acmhainní nádúrtha' go 2.2 % ó 1.8 % in 2021, agus is oth léi go bhfuil an leibhéal earráide os cionn na tairsí ábharthachta. Tugann an Chomhairle dá haire freisin go dtuairiscíonn an Coimisiún riosca neamhábhartha tráth an íocaíocht a dhéanamh don réimse 'Acmhainní nádúrtha' agus go measann an Coimisiún gurb é 0.35 % an riosca tráth an dúnta.

7.2. Is díol sásaimh don Chomhairle é gur tháinig, leis na bearta ceartaitheacha arna gcur i bhfeidhm ag an gCoimisiún agus ag na Ballstáit, laghdú 0.9 pointe céatadáin ar an leibhéal measta earráide, á thabhairt dá haire di ag an am céanna go bhféadfadh leibhéal na hearráide don chaibidil seo a bheith 1.3 pointe céatadáin níos ísle dá n-úsáidtí an fhaisnéis uile a bhí ar fáil. Dá bhrí sin, molann an Chomhairle don Choimisiún leanúint den tacaíocht a thugann sé do na Ballstáit agus dlús a chur leis an tacaíocht sin le go ndéanfaidh siad gach beart is gá chun earráidí a chosc, a bhrath agus a cheartú agus ar an gcaoi sin go leanfaidh an laghdú ar an ráta earráide, agus cóimheas iomchuí costais is tairbhe á urramú ag an am céanna.

7.3. Is díol sásaimh don Chomhairle é go raibh na híocaíochtaí díreacha, is é sin 66 % de cheannteideal 'Acmhainní nádúrtha' CAI, go raibh siad saor, ina n-iomláine, ó earráid ábharach don ochtú bliain as a chéile.

7.4. Tugann an Chomhairle dá haire gur le forbairt na tuaithe a bhaineann formhór na n-earráidí inchainníochtaithe agus gur le soláthar faisnéise míchruinn maidir le limistéir nó ainmhithe a bhaineann cuid mhór den leibhéal measta earráide. Tacaíonn an Chomhairle leis an moladh ón gCúirt don Choimisiún leanúint d'fhaireachán a dhéanamh ar an gcaoi a ndéantar measúnú ar an limistéar incháilithe sa Chóras Aitheantais le haghaidh Dáileachtaí Talún.

**CAIBIDIL 8**

**IMIRCE AGUS BAINISTIÚ TEORAINNEACHA, SLÁNDÁIL AGUS COSAINT**

8.1. Tugann an Chomhairle dá haire, maidir le ceannteideal 4 (*Imirce agus Bainistiú Teorainneacha*) agus ceannteideal 5 (*Slándáil agus Cosaint*), nach raibh an t-iniúchadh a rinne an Chúirt ionadaíoch arís don chaiteachas faoin dá cheannteideal sin in ainneoin na moltaí a rinne an Chomhairle roimhe seo. Dá bhrí sin, ní dhearna an Chúirt meastachán ar rátaí earráide do na ceannteidil sin. I bhfianaise an fhócais pholaitiúil mhéadaithe ar na réimsí beartais sin agus ar a mbuiséad méadaitheach, tathantaíonn an Chomhairle ar an gCúirt an athuair sampla ionadaíoch a chur lena raon iniúchóireachta, agus ráta earráide a sholáthar don dá cheannteideal sin sna blianta atá le teacht.

8.2. Is díol sásaimh don Chomhairle é an dul chun cinn a rinne na húdaráis náisiúnta iniúchóireachta ar tugadh cuairt orthu agus iad ag ullmhú don Chiste um Thearmann, Imirce agus Lánpháirtíocht (AMIF), an Ionstraim le haghaidh Tacaíocht Airgeadais don Bhainistiú Teorainneacha agus don Bheartas Víosaí (IBTV) agus don Chiste Slándála Inmheánaí (ISF) don tréimhse 2021-2027. Aithníonn an Chomhairle freisin, áfach, nár formheasadh a straitéis iniúchóireachta fós tráth an iniúchta; is réamhriachtanas é chun 'pacáiste dearbhaithe' a chur faoi bhráid an Choimisiúin.

8.3. Tacaíonn an Chomhairle leis an moladh ón gCúirt a cuireadh faoi bhráid an Choimisiúin maidir le seiceálacha *ex-ante* spriocdhírithe níos fearr a dhéanamh ar an incháilitheacht caiteachais le haghaidh ghníomhaíochtaí an Aontais arna mbainistiú go díreach ag DG HOME. Agus a mheasúnú riosca á ullmhú aige, ba cheart don Choimisiún aird a thabhairt ar theorainneacha na ndeimhnithe iniúchóireachta a thacaíonn le héilimh íocaíochta ó thairbhithe, agus an comhthéacs fíordheacair ina ndéantar oibríochtaí éigeandála á gcur san áireamh acu.

## CAIBIDIL 9

## AN CHOMHARSANACHT AGUS AN DOMHAN

9.1. Is oth leis an gComhairle, in ainneoin na moltaí a d'athdhearbhaigh sí roimhe seo, nach raibh, arís, scrúdú na Cúirte ionadaíoch don chaiteachas faoin gceannteideal seo, agus, mar thoradh air sin, nár thug an Chúirt leibhéal measta earráide don chaibidil seo. Dá bhrí sin, tathantaíonn an Chomhairle ar an gCúirt sampla ionadaíoch a chumhdach sa réimse ardriosca sin agus ráta earráide a chur ar fáil don cheannteideal sin sna blianta ina dhiaidh sin.

9.2. Leagann an Chomhairle béim ar a thábhachtaí atá sé go mbeadh an t-uasmhéid trédhearcachta agus intomhaisteachta ann ó thaobh caiteachais sa cheannteideal agus, i ndáil leis sin, is díol sásaimh di agus tacaíonn sí leis na ceithre mholadh ón gCúirt maidir leis an ngá atá le rialuithe a neartú chun athrú mírialta na dtograí a chosc ag céim an chonartha agus deontais á ndámhachtain ar bhonn glao ar thograí, chun measúnuithe riosca a dhéanamh chun a áirithiú nach ndéanfar íocaíochtaí réamh-mhaoinithe idir EUR 60 000 agus EUR 300 000 gan ráthaíocht bhainc ach amháin má mheastar go bhfuil an riosca íseal, chun amchlár iomchuí a bhunú ionas go mbeidh tuarascálacha maidir le fíorú an chaiteachais arna n-eisiúint ag conraitheoirí le haghaidh deontais ar fáil sula ndéanfar íocaíochtaí a phróiseáil nó caiteachas a imréiteach, agus chun rialuithe a fheabhsú chomh maith chun orduithe aisghabhála le haghaidh réamh-mhaoiniú neamhchaite a eisiamh ó ríomh na hacmhainneachta ceartaithí.

9.3. Tugann an Chomhairle dá haire go bhfuil an Chúirt, de réir CFAE, i dteideal rochtain iomlán, neamhtheoranta agus thráthúil a fháil ar na doiciméid is gá chun a cúram a chomhlíonadh. Is oth leis an gComhairle, dá bhrí sin, go bhfuil deacrachtaí fós ann maidir le hiniúchadh a dhéanamh ar eagraíochtaí idirnáisiúnta, nár tugadh ach rochtain theoranta ar dhoiciméid ina leith.

9.4 Tugann an Chomhairle dá haire na teorainneacha a shainaithin an Chúirt sa mhodheolaíocht a cuireadh i bhfeidhm chun measúnú a dhéanamh ar chéatadán na n-earráidí i gcás DG NEAR. Baineann DG NEAR úsáid as staidéar a dhéantar go seachtrach, ar a dtugtar an ráta earráidí iarmharacha, chun príomhfhigiúirí ina Thuarascáil Bhliantúil ar Ghníomhaíochtaí a ullmhú. Iarrann an Chomhairle ar an gCoimisiún na moltaí ón gCúirt a leanúint chun feabhas a chur ar an staidéar um an ráta earráidí iarmharacha ó DG NEAR.

# CAIBIDIL 10
# AN RIARACHÁN POIBLÍ EORPACH

10.1. Is díol sásaimh don Chomhairle go raibh caiteachas riaracháin agus caiteachas gaolmhar institiúidí an Aontais fós saor ó earráid ábharach, mar a bhí sna blianta roimhe seo. Tugann an Chomhairle dá haire agus is cúis sásaimh di nár sainaithníodh leibhéil ábharacha earráide ach an oiread sna tuarascálacha bliantúla ar ghníomhaíochtaí a d'athbhreithnigh an Chúirt.

10.2. Is oth leis an gComhairle gur thug an Chúirt faoi deara na laigí maidir le bainistiú na leithreasuithe i ngrúpaí polaitiúla Pharlaimint na hEorpa agus neamhchomhlíonadh leanúnach a nósanna imeachta soláthair leis an Rialachán Airgeadais. Ag cur i bhfios go láidir di go bhféadfadh na heasnaimh sin cosaint éifeachtach leasanna airgeadais an Aontais a chur i mbaol, formhuiníonn an Chomhairle an moladh ón gCúirt agus tathantaíonn sí ar Pharlaimint na hEorpa feabhas a chur ar a nósanna imeachta, a treoracha agus a sásraí rialaithe chun earráidí agus easnaimh chomhchosúla a chosc san am amach anseo.

10.3. Aithníonn an Chomhairle torthaí na Cúirte maidir le heasnaimh, agus an bainistiú easnamhach atá á dhéanamh ar chonarthaí agus láimhseáil neamhfhoirfe chomhaid phearsanta na mball foirne sa tSeirbhís Eorpach Gníomhaíochta Seachtraí (SEGS) go sonrach. Iarrann an Chomhairle ar SEGS feabhas a chur ar rialuithe inmheánacha agus ar nósanna imeachta chun conarthaí agus liúntais teaghlaigh a bhainistiú.

## CAIBIDIL 11
## AN tSAORÁID TÉARNAIMH AGUS ATHLÉIMNEACHTA

11.1. Is oth leis an gComhairle, agus an méadú ar an bpobal iniúchóireachta á aithint aici i gcomparáid leis an gcéad iniúchadh a rinneadh ar an tSaoráid Téarnaimh agus Athléimneachta (STA) in 2021, gur eisigh an Chúirt tuairim choinníollach maidir le caiteachas STA in 2022, tar éis tuairim gan choinníoll a eisiúint anuraidh. Tugann an Chomhairle dá haire go bhfuil raon feidhme iniúchóireachta Chúirt Iniúchóirí na hEorpa bunaithe ar mheasúnú a dhéanamh ar chomhlíonadh na ngarspriocanna agus na spriocanna, mar a shainítear sa Chinneadh Cur Chun Feidhme ón gComhairle, mar choinníoll le haghaidh íocaíochta.

11.2. Tugann an Chomhairle dá haire cinneadh na Cúirte gur imir torthaí cainníochtúla tionchar ar 11 as 13 de na híocaíochtaí a scrúdaíodh, agus gur imir earráidí ábhartha tionchar ar 6 cinn díobh. Thairis sin, cuireann an Chomhairle in iúl gur cúis imní di cinneadh na Cúirte gur imir saincheisteanna rialtachta tionchar ar 15 as 281 gharsprioc agus sprioc, sa mhéid is nár comhlíonadh go leordhóthanach iad nó nár comhlíonadh i gcomhréir leis na coinníollacha incháilitheachta iad. Iarrann an Chomhairle ar an gCoimisiún, agus an obair atá déanta cheana féin i ndáil leis sin agus an gá atá le comhréireacht a áirithiú á dtabhairt dá haire aici, na nósanna imeachta íocaíochta agus an mhodheolaíocht a úsáidtear chun measúnú a dhéanamh ar bhaint amach na ngarspriocanna agus na spriocanna a shoiléiriú tuilleadh.

11.3. Aithníonn an Chomhairle an úrnuacht a bhaineann le cur chuige feidhmíochtbhunaithe na hIonstraime maidir leis an tSaoráid Téarnaimh agus Athléimneachta agus is eol di go bhfuil gá le tuilleadh feabhsuithe, lena n-áirítear maidir lena cur chun feidhme. Iarrann an Chomhairle ar an gCúirt an cur chuige feidhmíochtbhunaithe sin a chur san áireamh sna hiniúchtaí a dhéanfaidh sí agus an t-ualach riaracháin ar na Ballstáit a mheas.